

Foraithne ón Aireacht Gnóthaí Sóisialta agus Sláinte

Iena leasaítear Foraithne na hAireachta Gnóthaí Sóisialta agus Sláinte maidir le caighdeáin agus fógraí a bhaineann le tobac agus táirgí gaolmhara

I gcomhréir le cinneadh na hAireachta Gnóthaí Sóisialta agus Sláinte, Déantar roinn 4 den Fhoraithne ón Aireacht Gnóthaí Sóisialta agus Sláinte maidir le caighdeáin agus fógraí a bhaineann le tobac agus táirgí gaolmhara (592/2016) *a leasú*; agus Déantar roinn nua 6b *a chur* leis an bhForaithne, mar a leanas:

Roinn 4

Dáta an fhógra maidir le staidéir agus méideanna díolachán

Déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i ranna 16, 27, 29b agus i bhfo-roinn 1 de roinn 28 den Ghníomh Tobac a chur faoi bhráid an Údaráis Maoirseachta Náisiúnta Leasa agus Sláinte (*Valvira*) go bliantúil an 20 Bealtaine ar a dhéanaí. Déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i roinn 16, fo-roinn 2, roinn 27, fo-roinn 1 agus roinn 29b den Gníomh Tobac a chur in iúl i leith na bliana féilire roimhe sin.

Roinn 6b

Formáid an fhógra maidir le táirgí nicitín gan toit

Chun críocha an fhógra dá dtagraítear i roinn 29a den Ghníomh Tobac, úsáidfear an fhormáid chun fógra a thabhairt faoi tháirgí tobac gan toit a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2186 ón gCoimisiún Iena mbunaítear formáid chun faisnéis faoi tháirgí tobac a chur isteach agus a chur ar fáil.

Tagann an Fhoraithne seo i bhfeidhm an [dáta] [mí] 20.

Heilsincí xx 20xx

Aire ar... Céadainm Sloinne

Teideal Céadainm Sloinne